**RABHADH**

**Ní mór duit an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar.**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2011

## STAIR – ARDLEIBHÉAL

**(180 MARC)**

**DÉ CÉADAOIN, 15 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.30**

**STAMPA AN IONAID**

**SCRÚDUIMHIR AN IARRTHÓRA**

**FREAGAIR GACH CEIST, 1, 2, 3, 4, 5 AGUS 6**

**FREAGAIR 1, 2 AGUS 3 SNA SPÁSANNA AR AN SCRÚDPHÁIPÉAR**

**FREAGAIR 4, 5 AGUS 6 I DO FHREAGARLEABHAR**

**CUIR AN PÁIPÉAR SEO ISTEACH LE DO FHREAGARLEABHAR, LE DO THOIL**

**1. PICTIÚIR**
(15 mharc)

Déan staidéar ar na pictiúir - **A, B agus C** – a ghabhann leis an bpáipéar agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **PICTIÚR A**

*I bpictiúr A taispeántar Ardeaglais Chríost, Baile Átha Cliath.*

(i) Sna Meánaoiseanna, cén fáth ar thóg easpaig ardeaglaisí mórthaibhseacha mar Ardeaglais Chríost a thaispeántar i bpictiúr A?

………………………………………………………………… ………………………………

…………………………………………………………………………….................................. (1)

(ii) Tógadh Ardeaglais Chríost sa stíl ailtireachta Ghotach. Sainaithin **dhá** ghné den stíl seo.

…………………………………………………………………….....……………………

………………………………………………………………………………………………… (2)

(iii) Cad iad na scileanna nó na ceirdeanna a bhí ag teastáil chun ardeaglaisí meánaoiseacha mar Ardeaglais Chríost a thógáil?

………………………………………………………………………..............................................

…………………………………………………………………………….................................. (2)

(*b*) **PICTIÚR B**

*I bpictiúr B taispeántar* The Anatomy Lesson of Dr. Nicolaes Tulp, *pictiúr ola le Rembrandt*.

(i) Cén fáth nach raibh scrúduithe ar chorpáin mar atá léirithe i bpictiúr B an-choitianta roimh an Athbheochan?

……………..………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………….(1)

(ii) Cén fáth a ndearna ealaíontóirí de chuid na hAthbheochana mar Michelangelo agus Leonardo da Vinci staidéar ar an anatamaíocht?

……...……………………………………………………………………………………..

……………………………………………………………………………………………..(2)

(iii) Ainmnigh **dhá** fhionnachtain de chuid na hAthbheochana a mhéadaigh eolas eolaíochta.

……….……………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………..(2)

*(c)* **PICTIÚR C**

*I bpictiúr C taispeántar páistí ag fanacht le haslonnú as Londain i rith an Blitz, 1940 1941.*

(i) Cén fhianaise atá i bpictiúr C go raibh na páistí ag taisteal gan tuismitheoirí ná caomhnóirí?

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………….....................................................(1)

(ii) Cén fáth ar chinn rialtas na Breataine ordú a thabhairt páistí a aslonnú le linn an Dara Cogadh Domhanda?

…………………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………………… (2)

(iii) Seachas aslonnú, luaigh **dhá** thionchar a bhí ag an Dara Cogadh Domhanda ar an bpobal sibhialtach.

…………………..………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………

…..……………………………………………………………………………………….. (2)

**2. DOICIMÉID**
(15 mharc)

Léigh an dá dhoiciméad **1** agus **2**, a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **DOICIMÉAD 1**

*Sliocht as cuntas finné súl a thug Sir Harold Nicolson ar shíniú Chonradh Versailles ar an 28 Meitheamh, 1919.*

(i) Ainmnigh an toscaire a bhí mar ionadaí na Stát Aontaithe ag Comhdháil Síochána Pháras.

…………………………………………………………………………………………………….... (1)

(ii) Tabhair píosa **amhá**in fianaise ón doiciméad a thaispeánann nár caitheadh ar an mbealach céanna leis na toscairí Gearmánacha agus a caitheadh le toscairí thíortha eile.

……………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………......

…………………………………………………………………………………………………… (2)

(iii) Cén fáth a gceapann Sir Harold Nicolson '*nach bhféachann Dr Muller agus Dr Bell mar ionadaithe ó thír bhrúidiúil mhíleata*'?

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………… (2)

(iv) Ón staidéar a rinne tú ar an am seo, tabhair **dhá** théarma ó Chonradh Versailles, 1919.

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………… (2)

*(b)* **DOICIMÉAD 2**

*Sleachta as an gcáineadh a rinne Rúnaí Stáit na Stát Aontaithe, Cordell Hull, ar neodracht na hÉireann le linn an Dara Cogadh Domhanda, agus freagra de Valera, Feabhra-Márta 1944.*

(i) Cén imní atá ar an Rúnaí Stáit, Cordell Hull, faoi pholasaí neodrachta na hÉireann?

……………………………………………………………………………………………………..

………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………....... (2)

(ii) Cén chúis a thugann de Valera le diúltú d'iarratas an Rúnaí Stáit ionadaithe na Gearmáine agus na Seapáine a aisghairm?

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………… (2)

(iii) Luaigh **dhá** bhealach a ndearna rialtas na hÉireann iarracht cosc a chur le sceitheadh eolais a d'fhéadfadh beatha Bhriotanach nó Mheiriceánach a chur i mbaol.

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………… (2)

(iv) Ón staidéar a rinne tú ar an Dara Cogadh Domhanda, luaigh **dhá** bhealach ina raibh neodracht na hÉireann fabhrach do na Comhghuaillithe.

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………… (2)

**3. CEISTEANNA GEARRFHREAGRA**
(20 marc)

Freagair **DEICH** gcinn de na ceisteanna seo a leanas. Is fiú **dhá** mharc an ceann iad.

(i) Mínigh ceann **amháin** de na téarmaí seo a leanas a úsáideann staraithe.

*Bolscaireacht;* *Cartlann;* *Claonadh.*

……………… ……………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………… (2)

(ii) Tabhair modh **amháin** a úsáideann seandálaithe chun suíomhanna a aimsiú le tochailt.

………………………………………………………………………………… (2)

(iii) Luaigh **dhá** iarmhairt d'Éirinn a bhain le teacht na Normannach sa dara haois déag.

…………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………… (2)

(iv) Ainmnigh **dhá** chéim i dtraenáil ridire.

………………………………………………………………………………… (2)

(v) I rith na Meánaoiseanna cad a bhí sa Ghalar Dubh?

…………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………… (2)

(vi) Ainmnigh dealbhóir **amháin** ón Athbheochan agus ceann **amháin** de shaothair an dealbhóra sin.

Dealbhóir: ………………………………………………………………………

Saothar: ………………………………………………………………………… (2)

(vii) Mínigh an fáth a raibh an-éileamh ar spíosraí san Eoraip thart ar an mbliain 1500.

…………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………… (2)

(viii) Ainmnigh **dhá** fhorbairt i dtógáil bád nó i loingseoireacht, a chiallaigh gurbh fhéidir turais farraige níos faide a dhéanamh le linn an 15ú agus an 16ú haois.

…………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………… (2)

(ix) Cén cinneadh a rinne Conradh Tordesillas, 1494?

…………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………… (2)

(x) Ainmnigh an t-ord reiligiúnach a bhunaigh Naomh Iognáid Loyola chun an creideamh Caitliceach a chur chun cinn le linn an Fhrith-Reifirméisin.

………………………………………………………………………………… (2)

(xi) Luaigh **dhá** éifeacht a bhí ag Cogadh na Saoirse i Meiriceá ar an bhFrainc **nó** ar Éirinn.

……………………………………………………………………………………………..

………………………………………………………………………………………..... (2)

(xii) Cad a bhí i Réim an Uafáis sa Fhrainc sna 1790idí?

……………………………………………………………………………………………..

………………………………………………………………………………………..... (2)

(xiii) Le linn Éirí Amach 1798 in Éirinn cérbh iad na Craipithe?

……………………………………………………………………………………………..

………………………………………………………………………………………..... (2)

(xiv) Ainmnigh bunaitheoir Pháirtí Shinn Féin, 1905.

………………………………………………………………………………………..... (2)

(xv) Cad a bhí sa Chonradh agus Cúnant Sollúnta, 1912?

……………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………..... (2)

(xvi) Cén fáth ar bhunaigh James Connolly Arm Cathartha na hÉireann i 1913?

……………………………………………………………………………………………..

………………………………………………………………………………………..... (2)

(xvii) Tabhair **dhá** chúis go raibh cogadh eacnamaíoch idir Éirinn agus an Bhreatain sna 1930idí.

……………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………... (2)

(xviii) Cén fáth ar iarr Jack Lynch ar bheirt dá chuid airí éirí as oifig i mí na Bealtaine 1970?

……………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………….. (2)

(xix) Maidir le Tuaisceart Éireann le linn na 1970idí mínigh an téarma imtheorannú.

……………………………………………………………………………………………..

……………………………………………………………………………………….....(2)

(xx) Cé a bhí i gceannas ar an gcomhrialtas 1973-1977 ar chuir Fine Gael agus Páirtí an Lucht Oibre le chéile?

……………………………………………………………………………………….....(2)

**FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO A LEANAS, 4, 5 AGUS 6 I bhFREAGARLEABHAR FAOI LEITH**

## 4. PEARSANA SA STAIR
(40 marc)

**Freagair A agus B**

**A.** Roghnaigh duine **amháin** díobh sin atá luaite thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin.

(i) Duine a raibh cónaí air/uirthi i sibhialtacht ársa **a ainmníonn tú TAOBH AMUIGH** d'Éirinn. (20)

(ii) Manach i mainistir in Éirinn i dtús Ré na Críostaíochta. (20)

(iii) Leasaitheoir reiligiúnach **a ainmníonn tú**, aimsir an Reifirméisin. (20)

**AGUS**

**B.** Roghnaigh duine **amháin** díobh sin atá luaite thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin.

(i) Duine **a ainmníonn tú** a bhí i gceannas ar thuras le linn Ré na Taiscéalaíochta. (20)

(ii) Úinéir talún dúchasach Éireannach a chaill talamh i bplandáil **a ainmníonn tú** sa 16ú nó 17ú haois. (20)


(iii) Ceannaire **a ainmníonn tú** sa choimhlint ar son Shaoirse na hÉireann, 1900-1921. (20)

**5. CEANTAIR THIONSCLAÍOCHA I SASANA AGUS AN TUATH IN ÉIRINN** (30 marc)

**FOINSE D**

**Díshealbhú le linn an Ghorta Mhóir**

Áirítear gur díbríodh 97,248 teaghlach as a gcuid tithe idir 1846 agus 1848.



**FOINSE E**

"Nach cuma sa diabhal linne fút féin ná do chuid prátaí dubha. Ní muidne is cúis le hiad a bheith dubh. Gheobhaidh tú dhá lá chun an cíos a íoc agus mura n-íocann tú é tá a fhios agat cad a tharlóidh."

(Caint an bháille mar a tuairiscíodh í sa *Freeman's Journal*, Aibreán 1846)

**FOINSE F**

Déanta na fírinne……….ní hamháin gur próiseas dlíthiúil iad na dísheallbhuithe seo ach próiseas nádúrtha; agus is cuma cé chomh mór agus is trua linn an ainnise, ní féidir linn iallach a chur ar na húinéirí talún in Éirinn ligean do na sluaite d'ainniseoirí, nach n-íocann aon chíos agus a choisceann feabhas a chur ar mhaoin, fanacht sna gabháltais shuaracha atá acu. Ba chóir cuimhneamh nach bhfuil mórán úinéirí talún a bhfuil sé de chumhacht acu a bheith trócaireach ná flaithiúil leis na tionóntaí is boichte dá gcuid. Tá siad féin i gcoimhlint an bháis lena gcreidiúnaithe.

(Sliocht athchóirithe ón *Illustrated London News*, 13 Deireadh Fómhair 1849; atáirgthe. in Colm Tóibín & Diarmaid Ferriter, *The Irish Famine*: *a documentary* , Nua-Eabhrac 2002, lch. 144)

**A. Foinsí D agus E**

(i) Cén fáth a raibh an oiread sin daoine i láthair ag an díshealbhú atá le feiceáil i **bhFoinse D**? (2)

(ii) Sa naoú haois déag cén fáth a ndearna gníomhairí talún agus báillí formhór na ndíshealbhuithe? (2)

(iii) *'Nach cuma sa diabhal linne fút féin ná do chuid prátaí dubha?'*
Cén fáth ar tharla gorta forleathan mar thoradh ar scaipeadh dhúchan na bprátaí le linn na 1840idí? Tabhair **dhá** chúis. (4)

**B. Foinse F**

(i) Cad iad na cúiseanna a thugtar i **bhFoinse F** chun a mhíniú cén fáth nach bhféadfaí iallach a chur ar úinéirí talún na díshealbhuithe a stopadh. (4)

(ii) Cad a rinneadh sna 1840idí chun cabhrú leo siúd a bhí thíos leis an nGorta Mór? (4)

**C.** (i) Bhí an Gorta Mór mar chúis le titim sa daonra in Éirinn. Cén fáth ar tháinig fás ar an daonra sa Bhreatain Mhór le linn an naoú haois déag? (2)

(ii) Scríobh cuntas ar an tionchar a bhí ag an Réabhlóid Thionsclaíoch ar shaol mhuintir na Breataine maidir le ceann amháin díobh seo a leanas:

(a) Tithíocht agus cothú.
(b) Sláinte agus fóillíocht.
(c) Oideachas. (12)

**6.** Freagair **dhá** cheann de na ceisteanna seo a leanas, **A, B, C, D.** (60 marc)

## (A) ÁR bPRÉAMHACHA ÓN tSIBHIALTACHT ANALLÓD

(i) Ainmnigh áit ina raibh na chéad lonnaitheoirí in Éirinn ina gcónaí. (2)

(ii) Tabhair **dhá** chúis gur foinse mhaith eolais faoin saol sa Chlochaois is ea tuama pasáiste Shí an Bhrú. (2 x 2)

(iii) Mínigh **dhá** cheann de na téarmaí seo a leanas a bhaineann leis an tSean-Éirinn.

*Micrilití; Cloch Dhiallaite; Liag Mhullaigh; Fulacht Fiadh.* (2 x 2)

(iv) Scríobh cuntas ar **dhá** cheann de na gnéithe seo a leanas den saol le linn Thréimhse na gCeilteach:

(a) Tithíocht.
(b) Bia agus éadach
(c) Obair, ealaíona agus ceardaíocht. (10 x 2)

## (B) ATHRÚ SÓISIALTA IN ÉIRINN NA FICHIÚ hAOISE

(i) Luaigh **dhá** chineál foinse phríomha a d'fhéadfadh staraí a úsáid chun eolas a fháil faoi stair sóisialta in Éirinn. (2 x 2)

(ii) Ainmnigh **trí** athrú atá tagtha ar shaol na talmhaíochta ó na 1930idí i leith. (2 x 3)

(iii) Scríobh faoi athruithe in **dhá** cheann de na réimsí seo a leanas ó na 1940idí i leith:

(a) Iompar.
(b) Saol na mban.
(c) Spórt agus fóillíocht. (10 x 2)

## (C) FORBAIRTÍ POLAITIÚLA IN ÉIRINN NA FICHIÚ hAOISE

| Páirtí Polaitíochta | Suíocháin i 1910 | Suíocháin i 1918 |
|---|---|---|
| Páirtí an Rialtais Dúchais | 73 | 6 |
| Sinn Féin | - | 73 |
| Aontachtaithe | 19 | 26 |

(i) Tabhair fáth **amháin** ar éirigh go maith le Sinn Féin i dtoghchán 1918. (2)

(ii) Luaigh **dhá** bhealach ar chuir Tuaisceart Éireann le hiarracht chogaidh na Breataine, 1939-1945. (2 x 2)

(iii) Tabhair **dhá** bhealach ar chuir Seán Lemass mar Thaoiseach (1959-1966) feabhas ar an gcaighdeán maireachtála in Éirinn. (2 x 2)

(iv) Tabhair cuntas ar **dhá** cheann díobh seo a leanas:

(a) An Cogadh Cathartha, 1922-23.
(b) Éachtaí rialtas Chumann na nGael, 1923-32.
(c) An Chéad Rialtas Idirpháirtí, 1948-1951. (10 x 2)

## (D) CAIDREAMH IDIRNÁISIÚNTA SAN FHICHIÚ hAOIS

(i) Baineann na himeachtaí **A – F** thíos le Polasaí Eachtrach na Naitsithe, 1933-39. I do fhreagarleabhar cuir na himeachtaí san ord ceart ama, ag tosú leis an imeacht a tharla ar dtús.
**Ná freagair an cheist seo ar do scrúdpháipéar led thoil.**

| |
|---|
| **A.** Anschluss na Gearmáine agus na hOstaire |
| **B.** An Comhaontú Naitsí Sóivéadach |
| **C.** Athmhíleatú Dhúiche na Réine |
| **D.** Fágann an Ghearmáin Conradh na Náisiún |
| **E.** Comhdháil München |
| **F.** Ais na Róimhe agus Bheirlín |

(1 x 6)

(ii) Tabhair **dhá** chúis a mhíníonn rath na Gearmáine sa Dara Cogadh Domhanda suas go dtí mí na Bealtaine 1940. (2 x 2)

(iii) Mínigh **dhá** cheann de na téarmaí seo a leanas a bhaineann leis an Dara Cogadh Domhanda 1939-1945:

*Líne Maginot; Vichy France; Afrika Corps; Lebensraum.* (2 x 2)

(iv) Roghnaigh topaic **amháin** as 1, 2 nó 3 thíos:

***Topaic 1: Teacht i dtreis na nOllchumhachtaí***

(i) Cén fáth ar chuir APSS agus SAM i gcoinne a chéile i ndiaidh 1945? (4)

(ii) Scríobh cuntas ar cheann de na géarchéimeanna seo le linn an Chogaidh Fhuair:

(a) Imshuí Bheirlín
(b) Cogadh na Cóiré. (12)

***Topaic 2: Céimeanna i dtreo Aontacht na hEorpa***

(i) Cén fáth a raibh tacaíocht ann ar son Aontacht na hEorpa i ndiaidh 1945? (4)

(ii) Scríobh cuntas ar fhás an Aontais Eorpaigh idir 1957 agus 1992. (12)

***Topaic 3: Náisiúnachas na hAfraice agus na hÁise***

(i) Cén fáth ar thosaigh tíortha na hEorpa ag tabhairt suas na gcoilíneachtaí a bhí acu i ndiaidh 1945? (4)

(ii) Scríobh cuntas ar na príomhimeachtaí sa ghluaiseacht ar son na saoirse i dtír **a ainmníonn tú** san Afraic **nó** san Áise tar éis 1945. (12)